

gaelscoil na gCloch Liath

Nuachtlitir - Márta/Aibreán 2024



Lató na Scoile School Lotto

Comhghairdeas ó chroí le Rob, a bhuaiigh an pota óir le linn Mí Aibreáin!

Congratulations to Rob who won the jackpot during the month of April!

Thank you to everyone who continues to support our School Lotto each week.

Spáinnis sa scoil

Tá ceachtanna Spáinnise tosaithe anois ag R5, mairfidh na ceachtanna seo ar feadh 8 seachtaine le Elena. D'éirigh lenár n-íarratas chuig PPLI arís i mbliana chun na ceachtanna teanga seo a eagrú. Is deis iontach atá ann do na páistí blaisedh a fháil den tríú teanga.

R5 have now begun a term of 8 weeks of Spanish lessons with their tutor, Elena. The school was successful in our application to PPLI again this year, and we are delighted that the children will have this opportunity to get a taster of a third language.

Peil na gCailíní

Ghlac cailíní R5 agus R6 páirt i gcomórtas peile le deireanas, a eagraíodh thar dhá lá i mBré. Bhí dhá fhoireann againn ann, tháinig foireann amháin abhaile leis an gcorn, agus tháinig an fhoireann eile sa dara háit. Maith sibh uilig, a chailíní!

The girls from R5 and R6 participated in a Cumann na mBunscoil football competition recently. The competition took place over two days in Bray. We had two teams participating; one team came in first place, bringing home the cup, and our other team came in second place. Well done girls!



Comórtas Scileanna

Ghlac Paddy agus Conall, Rang 5, páirt sna comórtas scileanna de chuid Cumann na mBunscoil; Paddy sna scileanna peile agus Conall sna scileanna iománaíochta. D'éirigh leo beirt áit a fháil sa dara bhabhta in Ionad Barr Feabhais Baile na Cille. D'éirigh go han-mhaith leo sa bhabhta seo, ag teacht sa dara háit. Leanann Conall foireann Cill Mhantáin, is tá dúil mhór ag Paddy i bpeil Maigh Eo.

Paddy and Conall from R5 took part in the recent Cumann na mBunscoil skills challenge; Paddy in football skills, and Conall in hurling skills. They both did really well and managed to get through to the 2nd round in Ballinakill Centre of Excellence. Both achieved second place on the day. Conall follows Wicklow County hurling team closely, while Paddy is a keen supporter of Mayo football. Maith sibh!





Bord Bainistíochta

Pléadh na nithe seo a leanas:

- Polasaithe athbhreithnithe; Iontráil & Éalaithe Éigeandála.
- Caomhnú páistí & frithbhulaíocht.
- Cuntais scoile.
- Cúrsaí foirne 2024/25 & rang speisialta.
- Buíochas leis an gCoiste as ceiliúradh Nolag a eagrú.
- Oibreacha & cothabháil.

The following items were discussed;

- Policies reviewed; Enrolment & Emergency Evacuation.
- Child protection & anti-bullying.
- School accounts.
- Staffing 2024/25 & Special Class.
- Coiste were thanked for organising the Christmas celebration day.
- Works & maintenance.

Ag Foghlaim an Clóscríbhneoireachta

I mbliana thosaigh R5 & 6 ag foghlaim clóscríbhneoireachta ar scoil. Tá seit rí-omhairí glúine againn a úsáideann na páistí gach seachtain sa seomra ranga. Is féidir leo logáil isteach ar a gcuntas clóscríbhneoireachta féin, agus leanann siad an clár ar a luas féin, is glacann siad freagracht as a ndul chun cinn. Is deis iontach é seo dóibh an scil seo a fhoghlaim sula mbogann siad ar aghaidh chuig an meánscoil.

This year R5 & 6 are learning typing at school. We have a set of laptops which they use in their classrooms each week. They can log onto their own typing accounts, and they follow the programme at their own pace, taking responsibility for their own progress. This is a great opportunity for the children to learn this skill before they transition to secondary school.



Dátaí don Dialann

Seo a leanas roinnt dátaí don dialann do théarma 3:

Below are some dates for the Term 3 diary:



- Lá Inseirbhíse (scoil dúnta/school closure, in-service day); Céadaoin 8/5/24
- Céad Chomaoineach; Domhnach 12/5/24 @ 10 Séipéal N. Antaine
- Cóineartú; Satharn 18/5/24 @ 10, Séipéal N. Antaine
- Cuairt na Naí. Bheaga NUA; Aoine 7/6/24
- Turais scoile; 17/6/24; Rang 5, Rang 6
18/6/24; Rang 3, Rang 4
19/6/24; Rang 1, Rang 2
20/6/24; Naí. Bheaga, Naí. Mhóra
- Lá Spraoi Teaghlaigh/Family Fun Day; Satharn 8/6/24, 12:00—14:00
- Lá Spórt Idirscoile R6; Luan 20/5/24, gach R6 ón gceantar le chéile, faiche imeartha Éire Óg
- Díolachán Éadaí Scoile; Máirt 25/6/24
- Gradam R6; Céadaoin 26/6/24 @7pm
- Dúnadh don samhradh/Summer holidays; Déardaoin 27/6/24 @ 11:30.



Uair Chódaithe Coding Hour

*Ghlac R5 páirt
san uair
chódaithe le
deireanas.*

*Tháinig saineolaí
ó Microsoft chuig
an scoil, agus
mhúin sé scile-
anna códaithe rí-
ómhaireachta do
na páistí. Bhí na
tacair I-
Paideanna agus
ríomhairí glúine
an-áisiúil ar fad
ar an lá. Bhain na
páistí idir sult is
taribhe as an uair
seo.*

*R5 took part in a
Coding Hour re-
cently. An ex-
pert from Mi-
crosoft visited
the school and
taught the chil-
dren about com-
puter coding.
Our class sets of
I-pads and laptop
computers came
in very handy for
this visit. The
children both
benefited and
enjoyed the hour.*

Rang Speisialta Special Class

Tá an-áthas orainn go mbeidh rang speisialta á oscailt againn i Mí an Mheáin Fómhair. Tá cead faighte le deireanas ón CNOS an rang a oscailt, agus is dea-scéal álainn, dearfach é seo dár scoil. Beidh oibreacha ar bun i rith an tsamhraidh chun seomra ranga a chur in oiriúnt, agus chun seomra céadfaí a fhorbairt chomh maith. Táimid ag súil go mór leis an scoil a bheith in ann tac-áocht agus oideachas níos ionchuimsithí a chur ar fáil dár dteaghlaigh uilig, agus dóibh siúd sa cheantar gur mian leo a páistí a chur chuig an nGaelscoil amach anseo.

We are delighted to be opening a special class in September. We have just recently received approval from the NCSE to open the class, and this is wonderful, positive news for our school. Works will take place over the summer to reconfigure a class-room, and also to develop a sensory room. We are looking forward to being in a po- sition to provide more inclusive sup- port and education to all our families, and also to those families from the area who , in the future, wish their child to attend a Gaelscoil.



Club Fichille Chess Club

Tá an club iar-scoile fichille críochnaithe anois don shamhradh, agus críochnaigh na páistí le go leor comórtais agus ghnóthaigh siad neart duaiseanna ar an lá deireanach.

The after-school chess club has now finished up for the summer. The children finished on their last day with plenty of competi- tions, and plenty of prizes were awarded on the day.

Maith sibh a pháistí!

